Leasú 65
Manon Aubry, Martin Schirdewan
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, Renew, Verts/ALE
maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Mír 18 c (nua)

Comhthairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	18c. ag diúltú d'úsáid SCE mar atá sé faoi láthair mar réiteach ar an ngéarchéim seo mar gheall ar an bhfíoras go bhfuil coinníollacht cumhdaithe ina línte creidmheasa chuig na Ballstáit atá cosúil le tarrthálacha agus meabhráin an Troika; ag tabhairt dá haire, ó thabhairt isteach chlár TPPU BCE gur fadhb fiachais/féimheachta í an fhadhb a bhfuilimid ag tabhairt aghaidh uirthi agus ní fadhb leachtachta atá i gceist; ag tabhairt dá haire gurb é a bheidh mar thoradh ar na coinníollacha arna bhforchur ar úsáid SCE ag an nGrúpa Euro, mar aon le hatosú beartaithe an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis agus an tSeimeastair Eorpaigh amach anseo, ná go bhfágfar go mbeidh déine shíoraí i ndán do mhuintir AE;

Or. en

Leasú 66
Manon Aubry, Martin Schirdewan
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, Renew, Verts/ALE
maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Mír 19

Comhthairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
19. ag tacú leis an gCoimisiún ina chuspóir straitéis thionsclaíoch nua de chuid an Aontais a dhearadh mar iarracht tionscal a bhaint amach a bheidh níos iomaíche agus níos athléimní, agus é ag dul i ngleic le turraingí domhanda; ag tacú le hath-chomhtháthú slabhraí soláthair laistigh de AE agus táirgeadh AE de phríomhtháirgí a mhéadú, amhail cógais, comhábhair chógaisíochta agus feistí, trealamh agus ábhair leighis;	19. ag tacú leis an gCoimisiún ina chuspóir straitéis thionsclaíoch nua de chuid an Aontais a dhearadh mar iarracht tionscal a bhaint amach a bheidh níos iomaíche agus níos athléimní, agus é ag dul i ngleic le suaitheadh domhanda; ***mar chuid 'd'Eisceacht Sláintíochta Eorpach' ar rialacha EDT atá ann cheana,*** ag tacú le hath-chomhtháthú slabhraí soláthair laistigh de AE agus táirgeadh AE de phríomhtháirgí a mhéadú, amhail cógais, comhábhair chógaisíochta agus feistí, trealamh agus ábhair leighis;

Or. en

Leasú 67
Manon Aubry, Martin Schirdewan
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, Renew, Verts/ALE
maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Mír 20

Comhthairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
20. ***á áitiú, dá bhrí sin, go nglacfar CAI uaillmhianach le buiséad méadaithe i gcomhréir le cuspóirí an Aontais, le tionchar réamh-mheasta na géarchéime ar gheilleagair AE agus le hionchais na saoránach i dtaca le breisluach Eorpach, agus go mbeidh níos mó solúbthachta agus simplíochta sa tslí a úsáidfimid na cistí chun freagra a thabhairt ar ghéarchéimeanna agus go mbeidh sé*** feistithe le an tsolúbthacht is gá; ***á iarraidh, thairis sin, go ndéanfar athbhreithniú ar an togra ón gCoimisiún maidir le hathchóiriú an chórais acmhainní dílse chun solúbthacht fhioscach leordhóthanach a mhéadú, agus tuarthacht níos fearr, acmhainneacht chun gníomhú agus nochtadh laghdaithe ar ghuaiseacha náisiúnta a áirithiú; á chur i bhfáth go mbeadh gá le hacmhainní dílse do bhuiséad AE chun pacáiste téarnaimh agus atógála a ráthú;***	20. ***á iarraidh go ndéanfaí buiséad AE a neartú, lena dtreiseofaí a fheidhm athdháileacháin de thacaíocht i ndáil le cóineasú éifeachtach a spreagadh i ndul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta idir Ballstáit; á iarraidh ar an gCoimisiún CAI 2021-2027 nua a mholadh a bheidh uaillmhianach agus méadaithe, lena soláthrófar acmhainní do na Ballstáit, réigiúin agus daoine is leochailí, chun déileáil ar bhealach inbhuanaithe leis na difríochtaí agus neamhionannais atá ag méadú idir tíortha, réigiúin agus ar bhonn sóisialta le cistiú speisialta a bheidh tiomnaithe do ghéarchéim COVID-19 agus cistiú méadaithe don tsláinte, don chomhtháthú, do sheirbhísí poiblí, do thaighde agus forbairt agus d'ationsclú, d'fhostaíocht agus do bheartais aeráide,*** lena ngabhfaidh an tsolúbthacht is gá; ***á chur i bhfios go láidir nach raibh an moladh ón gCoimisiún i dtaca le 1.11 % de OIN AE-27 ná an moladh ón gComhairle i mí Feabhra 2020 i dtaca le 1.07 % de OIN AE-27 i ngar ná i gcóngar do mholadh na Parlaiminte i dtaca le 1.3 %, fiú sular tharla an phaindéim; á mheas, dá réir sin, go bhfuil siad go léir i bhfad ó aghaidh a thabhairt***

ar an staid mar atá; á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach labhairt i dtéarmaí ainmniúla agus fíorshuimeanna a úsáid mar gheall ar an laghdú ollmhór in OIN AE 27 a cheaptar atá ag teacht; ag leanúint ar aghaidh ag féachaint ar bhealaí nua le hacmhainní dílse AE a mhéadú agus ag aimsiú bealaí agus ionstraimí nua chun an cúlú eacnamaíochta atá ar na bacáin mar gheall ar an víreas a iompú timpeall, á éileamh go ndéanfaí leathadh ar chistiú comhtháthaithe agus go ndéanfaí ciorruithe ar chaiteachas míleata;

Or. en

Leasú 68
Manon Aubry, Martin Schirdewan
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, Renew, Verts/ALE
maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Mír 21

Comhthairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
21. á iarraidh ar na Ballstáit teacht ar chomhaontú ***pras*** maidir leis an togra ***nua*** CAI sin, mar ionstraim le haghaidh dlúthpháirtíochta agus comhtháthaithe; ***á iarraidh ar an gCoimisiún*** plean teagmhasach ***a thíolacadh i gcás nach dtagtar ar chomhaontú, ag cur síneadh le fad na gclár maoiniúcháin atá ar bun faoi láthair go dtí tar éis an 31 Nollaig 2020***;	21. á iarraidh ar na Ballstáit teacht ***ar*** chomhaontú maidir leis an togra nua sin i ndáil le CAI, mar ionstraim le haghaidh dlúthpháirtíochta agus comhtháthaithe; ***á chur i bhfáth go bhfuil gá níos mó ná riamh anois le*** plean teagmhais ***CAI, mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, agus ní chiallaíonn sé sin gan ach fadú a dhéanamh ar na huasteorainneacha agus ar fhorálacha eile na bliana 2020 ach go ndéanfaí plean éigeandála atreoraithe chun dul i ngleic, ar dtús, le tionchar na géarchéime go dtí go gcomhaontófar CAI 2021-2027 agus go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, le béim speisialta ar shláinte, comhtháthú, fostaíocht agus beartais aeráide***; ***á chur i bhfáth gur ról institiúideach atá aici mar chomhreachtóir agus mar an t-aon institiúid Eorpach a thoghtar go poiblí, in aghaidh aon iarrachta an bonn a bhaint ón ról sin;***

Or. en

Leasú 69
Manon Aubry, Martin Schirdewan
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, Renew, Verts/ALE
maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Mír 26 a (nua)

Comhthairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	26a. á chur i bhfáth go bhfuil fíor-leochaileacht an gheilleagair dhomhandaithe léirithe ag an ráig seo, ar geilleagar é le slabhraí trádála fada arna rialú ag fiontair ilnáisiúnta agus amhantraithe praghsanna, chomh maith le spleáchas an gheilleagair Eorpaigh ar tháirgeadh i dtríú tíortha; á chur i bhfios go bhfuil géarghá le ath-logánú táirgthe agus tionscail chuig gach Ballstát, lena spreagfar forbairt earnálacha táirgthe gach tíre, le hearnáil phoiblí láidir, go háirithe i gcás earnálacha straitéiseacha atá ró-thábhachtach le fágáil faoin margadh, amhail cógais, táirgí sláintíochta, trealamh cosanta pearsanta agus feistí leighis; á iarraidh ar an gCoimisiún méadú as cuimse a dhéanamh ar a thacaíocht do chistiú poiblí, taighde agus nuálaíocht sna réimsí sin;

Or. en

Leasú 70
Manon Aubry, Martin Schirdewan
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, Renew, Verts/ALE
maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Mír 28

Comhthairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
28. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an ghéarchéim, ***agus gné na sláinte, ag dul i bhfeidhm go mór ar oibrithe, ar fhostaithe, ar dhaoine féinfhostaithe agus ar FBManna – cnámh droma ár sochaithe***; á mheas nach mór don Choimisiún in éineacht leis na Ballstáit gach beart a dhéanamh chun ***a mhéid*** post ***is féidir*** a choinneáil agus chun a áirithiú go mbeidh an téarnamh bunaithe ar chóineasú sóisialta eacnamaíoch aníos, ar idirphlé sóisialta agus ar chearta sóisialta feabhsaithe agus dálaí oibre feabhsaithe le bearta spriocdhírithe do dhaoine a bhfuil foirmeacha oibre neamhbhuana acu;	28. ag cur i bhfios go láidir, sa bhreis ar ghné na sláinte, ***nach féidir an ghéarchéim eacnamaíoch arb é an coróinvíreas is cúis léi a úsáid mar leithscéal d'fhostaithe agus cuideachtaí chun tuarastail a laghdú agus sárú breise a dhéanamh ar chearta saothair; á chur i bhfáth gur cheart gach fostaí a chosaint go hiomlán ar dhífhostú***; á mheas nach mór don Choimisiún in éineacht leis na Ballstáit gach beart a dhéanamh chun ***gach*** post a choinneáil agus chun a áirithiú go mbeidh an téarnamh bunaithe ar chóineasú sóisialta eacnamaíoch aníos, ar idirphlé sóisialta agus ar chearta sóisialta feabhsaithe agus dálaí oibre feabhsaithe le bearta spriocdhírithe do dhaoine a bhfuil cineálacha oibre neamhbhuana acu;

Or. en

Leasú 71
Manon Aubry, Martin Schirdewan
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, Renew, Verts/ALE
maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Mír 29

Comhthairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
29. á áitiú go n-áiritheoidh institiúidí AE agus na Ballstáit go gcuirfear tacaíocht airgeadais phoiblí ar fáil do ghnólachtaí chun éifeachtaí eacnamaíocha COVID-19 a chomhrac ar choinníoll go n-úsáidfear an maoiniú chun leas fostaithe agus go staonfaidh gnólachtaí faighteora ó dhíbhinní a íoc nó scéimeanna aischeannaigh scaireanna a thairiscint fad is a fhaigheann siad tacaíocht den sórt sin;	29. ***ag cur in iúl gur oth léi gur lean cuideachtaí Eorpacha ar aghaidh le híocaíochtaí díbhinní gan ghá, d'ainneoin ráig COVID-19;*** á áitiú go n-áiritheoidh institiúidí AE agus na Ballstáit go gcuirfear tacaíocht airgeadais phoiblí ar fáil do ghnólachtaí chun éifeachtaí eacnamaíocha COVID-19 a chomhrac ar choinníoll go n-úsáidfear an cistiú chun leas fostaithe agus go staonfaidh gnólachtaí faighteora ó dhíbhinní a íoc nó scéimeanna aischeannaigh scaireanna a thairiscint fad is a fhaigheann siad tacaíocht den sórt sin; ***á iarraidh ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun stop a chur le gach íocaíocht díbhinní, clár aischeannaigh agus íocaíocht bónas i gcomhair ardfheidhmeannaigh go bhfógrófar a mhalairt;***

Or. en

Leasú 72
Manon Aubry, Martin Schirdewan
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, Renew, Verts/ALE
maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Mír 30

Comhthairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
30. á iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit tosaíocht a thabairt do bhearta maidir le cabhair agus maolú géarchéime do na saoránaigh is leochailí, mná agus leanaí atá neamhchosanta ar fhoréigean teaghlaigh, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha agus daoine as réigiúin iargúlta nó atá scartha amach, lena n-áirítear tíortha agus críocha thar lear agus na réigiúin is forimeallaí, trí chiste tacaíochta eisceachtúil tiomnaithe dírithe ar córas cúraim sláinte agus earnálacha atá buailte leis an ráig de COVID-19, agus na daoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiamh shóisialta, atá ar fad sa bhaol is mó d'ionfhabhtú COVID-19 ach i mbaol fulaingt níos mó óna éifeachtaí eacnamaíocha chomh maith; á iarraidh go mbeadh straitéis chuimsitheach i gcoinne na bochtaineachta ann, le Ráthaíocht Eorpach i dtaobh Leanaí; ag tathant ar AE agus na Ballstáit anailís inscne maidir leis na hiarrachtaí freagartha a ionchorprú ionas go seachnófar cur le neamhionannas inscne, chun a áirithiú go gcoinneofar seirbhísí d'íospartaigh foréigin ar oscailt, agus chun seirbhísí líne cabhraí, tacaíocht dhlíthiúil ar líne agus seirbhísí tuairiscithe a atreisiú	30. á iarraidh ar an gCoimisiún agus na Ballstáit tosaíocht a thabairt do bhearta maidir le cabhair agus maolú géarchéime ***lena n-áirítear cabhair airgeadais dhíreach*** do na saoránaigh is leochailí, mná agus leanaí atá neamhchosanta ar fhoréigean teaghlaigh, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, ***príosúnaigh,*** mionlaigh eitneacha agus daoine as réigiúin iargúlta nó atá scartha amach, lena n-áirítear Tíortha agus Críocha thar lear agus na réigiúin is forimeallaí, trí chiste tacaíochta eisceachtúil tiomnaithe dírithe ar an gcóras cúraim sláinte agus earnálacha atá buailte leis an ráig de COVID-19, agus na daoine atá i mbaol na bochtaineachta nó eisiamh shóisialta, ***go háirithe daoine gan dídean,*** atá ar fad sa bhaol is mó d'ionfhabhtú COVID-19 ach i mbaol fulaingt níos mó óna éifeachtaí eacnamaíocha chomh maith; á iarraidh go mbeadh straitéis chuimsitheach i gcoinne na bochtaineachta ann, le Ráthaíocht Eorpach i dtaobh Leanaí; ag tathant ar AE agus na Ballstáit anailís inscne maidir leis na hiarrachtaí freagartha a ionchorprú ionas go seachnófar cur le neamhionannas inscne, chun a áirithiú go gcoinneofar seirbhísí d'íospartaigh foréigin ar oscailt,

chun foréigean teaghlaigh agus inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac agus mná agus leanaí uile a chosaint uaidh;	agus chun seirbhísí líne cabhraí, tacaíocht dhlíthiúil ar líne agus seirbhísí tuairiscithe a atreisiú chun foréigean teaghlaigh agus inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac agus mná agus leanaí uile a chosaint uaidh;
	Or. en

Leasú 73
Manon Aubry, Martin Schirdewan
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, Renew, Verts/ALE
maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Mír 31

Comhthairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
31. á chreidiúint go gcaithfidh Ballstáit bearta a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil oibrithe san Eoraip, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe, cosanta ó chaillteanas ioncaim agus go bhfuil an tacaíocht riachtanach agus leachtacht airgid ag gnólachtaí, go háirithe FBManna, agus na hearnálacha is mó atá ag fulaingt; ***á chur in iúl gur díol sásaimh di***, i dtaca leis seo, an togra nua ón gCoimisiún maidir le tacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE); agus á iarraidh go ***gcuirfear chun feidhme é go pras***; ag spreagadh na mBallstát chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar an reachtaíocht shóisialta agus fhioscach chun impleachtaí sna córais slándála sóisialta agus fioscacha d'oibrithe trasteorann a sheachaint mar thoradh ar bhearta éigeandála;	31. á chreidiúint go gcaithfidh Ballstáit bearta a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil oibrithe san Eoraip, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe, cosanta ó chaillteanas ioncaim agus go bhfuil an tacaíocht agus leachtacht airgid is gá ag gnólachtaí, go háirithe FBManna, agus na hearnálacha is mó atá ag fulaingt; ***ag tabhairt dá haire***, i ndáil leis sin, an togra nua ón gCoimisiún maidir le Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE) agus ag iarraidh go ***n-áiritheofaí poist, tuarastail agus cearta saothair oibrithe agus nach méadófaí fiachas na mBallstát trí SURE***; ***ag cur in iúl gur oth léi, áfach, gur sásra deonach é SURE go fóill;*** ag spreagadh na mBallstát chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar an reachtaíocht shóisialta agus fhioscach chun impleachtaí sna córais slándála sóisialta agus fioscacha d'oibrithe trasteorann a sheachaint mar thoradh ar bhearta éigeandála;

Or. en

Leasú 74
Manon Aubry, Martin Schirdewan
thar ceann Ghrúpa GUE/NGL

Comhthairiscint i gcomhair rúin
PPE, S&D, Renew, Verts/ALE
maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac

Comhthairiscint i gcomhair rúin
Mír 31 a (nua)

Comhthairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	31a. á iarraidh ar na Ballstáit agus an Coimisiún idirphlé sóisialta agus cómhargáil a chur chun cinn ina bhfreagairt ar ghéarchéim COVID-19 agus a áirithiú go bhfuil Comhpháirtithe Sóisialta go hiomlán rannpháirteach i ndearadh agus cur chun feidhme na mbeart arna ndéanamh; á iarraidh ar na Ballstáit gníomhú mar is gá chun poist, dálaí oibre agus pá a choimirciú, lena n-áirítear bearta d'obair ghearr-ama, socruithe i dtaca le cúiteamh ioncaim agus bearta comhchosúla;

Or. en